2025/171

27.1.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/171 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 27 Eanáir 2025**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/797 ([1]).

(2) Tá bearta sriantacha spriocdhírithe i gcoinne cibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit, ar cheann de na bearta a áirítear i gcreat an Aontais le haghaidh freagairt chomhpháirteach taidhleoireachta ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha, eadhon Bosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta, agus is uirlis ríthábhachtach iad chun gníomhaíochtaí den sórt sin a chosc, a dhíspreagadh agus freagairt orthu.

(3) Tá méadú ag teacht ar líon, minicíocht agus sofaisticiúlacht na gcibirghníomhaíochtaí mailíseacha i gcoinne bonneagar criticiúil nó seirbhísí bunriachtanacha, lena n-áirítear trí bhogearraí éirice agus díothúcháin a úsáid, díriú ar shlabhraí soláthair agus cibirspiaireacht, lena n-áirítear gníomhaíochtaí gadaíochta maoine intleachtúla. Lena gcuid éifeachtaí suaiteacha millteacha, is bagairt shistéamach iad na gníomhaíochtaí sin ar shlándáil, ar gheilleagar, ar dhaonlathas agus ar shochaí an Aontais i gcoitinne.

(4) In 2020, rinneadh cibirionsaithe a raibh éifeacht a rinne mórdhíobháil ar an Eastóin. Rinneadh cibirionsaithe a bhí dírithe ar chórais ríomhaireachta institiúidí éagsúla, agus é mar aidhm leo úsáid a bhaint as na sonraí chun bagairt a dhéanamh ar shlándáil Phoblacht na hEastóine. Bhain na cibirionsaithe sin le faisnéis rúnaicmithe a stóráil.

(5) Mar chuid den ghníomhaíocht leanúnach, oiriúnaithe agus chomhordaithe ón Aontas i gcoinne gníomhaithe a bhíonn i mbun cibearbhagairtí ar bhonn leanúnach, ba cheart triúr daoine nádúrtha a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797. Tá na daoine sin freagrach as cibirionsaithe a rinne mórdhíobháil agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit, nó tá siad páirteach iontu.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/797 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Eanáir 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13).

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '15. | Nikolay Alexandrovich KORCHAGIN | Николай Александрович Корчагин<br>Dáta breithe: 16.9.1997<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintiteas comhlachaithe: Príomh-Ard-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise | Tá Nikolay Korchagin páirteach i gcibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil agus tá sé freagrach astu trí ghníomhaíochtaí faisnéise a dhéanamh atá dírithe ar Phoblacht na hEastóine agus trí rochtain a fháil ar chóras ríomhaireachta go neamhdhleathach.<br>Is oifigeach d'aonad míleata 29155 i bPríomh-Ard-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GRU) é Nikolay Korchagin. Sa ról sin, tá baint aige le cibirionsaithe ar chórais ríomhaireachta agus tá sé freagrach astu agus é mar aidhm acu sonraí a bhailiú ó chórais sonraí institiúidí éagsúla, a thugann forléargas go neamhspleách nó i dteannta a chéile ar bheartas cibearshlándála Phoblacht na hEastóine, ar chibearchumais an stáit, ar shonraí pearsanta íogaire agus ar shonraí íogaire eile, chun iad a úsáid chun bagairt a dhéanamh ar shlándáil na hEastóine. Dá bhrí sin baineann na hionsaithe le faisnéise rúnaicmithe a stóráil. Bhain na hionsaithe le comhghuaillithe agus le comhpháirtithe na hEastóine.<br>Dá bhrí sin, tá Nikolay Korchagin páirteach i gcibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil ar bagairt sheachtrach ar Bhallstát iad agus tá sé freagrach astu. | 27.1.2025 |
| 16. | Vitaly SHEVCHENKO | Виталий Шевченко<br>Dáta breithe: 1.9.1997<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintiteas comhlachaithe: Príomh-Ard-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise | Tá Vitaly Shevchenko páirteach i gcibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil agus tá sé freagrach astu trí ghníomhaíochtaí faisnéise a dhéanamh atá dírithe ar an Eastóinagus trí rochtain a fháil ar chóras ríomhaireachta go neamhdhleathach.<br>Is oifigeach d'aonad míleata 29155 i bPríomh-Ard-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GRU) é Vitaly Shevchenko. Sa ról sin, tá baint aige le cibirionsaithe ar chórais ríomhaireachta agus tá sé freagrach astu agus é mar aidhm acu sonraí a bhailiú ó chórais sonraí institiúidí éagsúla, a thugann forléargas go neamhspleách nó i dteannta a chéile ar bheartas cibearshlándála na hEastóine, ar chibearchumais an stáit, ar shonraí pearsanta íogaire agus ar shonraí íogaire eile, chun iad a úsáid chun bagairt a dhéanamh ar shlándáil na hEastóine. Dá bhrí sin, baineann na hionsaithe le faisnéise rúnaicmithe a stóráil. Bhain na hionsaithe le comhghuaillithe agus le comhpháirtithe na hEastóine.<br>Dá bhrí sin, tá Vitaly Shevchenko páirteach i gcibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil ar bagairt sheachtrach ar Bhallstát iad agus tá sé freagrach astu. | 27.1.2025 |



ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/171/oj

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 17. | Yuriy Fedorovich DENISOV | Юрий Федорович Денисов<br>Dáta breithe: 17.6.1980<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintiteas comhlachaithe: Príomh-Ard-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise | Tá Yuriy Denisov páirteach i gcibirionsaithe suntasacha agus tá sé freagrach astu trí ghníomhaíochtaí faisnéise a dhéanamh atá dírithe ar an Eastóin agus trí rochtain a fháil ar chóras ríomhaireachta go neamhdhleathach.<br>Is oifigeach d'aonad míleata 29155 i bPríomh-Ard-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GRU) é Yuriy Fedorovich Denisov. Sa ról sin, tá baint aige le cibirionsaithe ar chórais ríomhaireachta agus tá sé freagrach astu agus é mar aidhm acu sonraí a bhailiú ó chórais sonraí institiúidí éagsúla, a thugann forléargas go neamhspleách nó i dteannta a chéile ar bheartas cibearshlándála na hEastóine, ar chibearchumais an stáit, ar shonraí pearsanta íogaire agus ar shonraí íogaire eile, chun iad a úsáid chun bagairt a dhéanamh ar shlándáil na hEastóine. Dá bhrí sin baineann na hionsaithe le faisnéise rúnaicmithe a stóráil. Bhain na hionsaithe le comhghuaillithe agus le comhpháirtithe na hEastóine.<br>Dá bhrí sin, tá Yuriy Denisov páirteach i gcibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil ar bagairt sheachtrach ar Bhallstát iad agus tá sé freagrach astu. | 27.1.2025' |